

Comhpháirtíocht leighis - roghnú comhpháirtíochta

(an 1 Eanáir 2024 nó dá éis)

Cuid 43 - Alt 1008A(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (ACC 1997).



Léigh na nótaí in éineacht le TDM 04-01-15 sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm agus an dearbhú thíos.

Le comhlánú sa chás go bhfuil comhpháirtíocht leighis ag dul isteach i roghnú comhpháirtíochta le Dochtúir Teaghlaigh atá ina chomhpháirtí i gcleachtas leighis, maidir le híocaíochtaí faoina chonradh GMS le FSS.

Tíolaic an roghnú seo chuig na Coimisinéirí Ioncaim trí M'Fhiosruithe (féach nóta 9).

Ainm na Comhpháirtíochta Leighis

(féach nóta 2)

Uimhir Chánach na Comhpháirtíochta Leighis

Seoladh Gnó na Comhpháirtíochta Leighis

Eircode an Comhpháirtíochta Leighis

Ainm an tSoláthraí Seirbhísí Leighis Ábhartha (Dochtúir Ginearálta)

(Féach nóta 3)

Uimhir Chánach an tSoláthraí Seirbhísí Leighis Ábhartha

Uimhir GMS

An dáta óna dtiocfaidh an roghnú comhpháirtíochta i bhfeidhm

Beidh feidhm ag an roghnú comhpháirtíochta ón dáta sin agus sna blianta measúnachta ina dhiaidh sin¹:

An cion d'ioncam soláthraí seirbhíse leighis ábhartha a ndéileálfar

leis mar ioncam de chuid na comhpháirtíochta leighis

Ní fhéadfar roghnú comhpháirtíochta a dhéanamh ach ar an 1 Eanáir 2024 nó dá éis, an dáta a tháinig alt 1008A i bhfeidhm. Go ginearálta, tiocfaidh an roghnú comhpháirtíochta i bhfeidhm ó thús na bliana measúnachta, ach tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh dátaí eile a bheith i gceist, amhail an dáta –

- go dtéann comhpháirtí isteach sa chomhpháirtíocht le linn na bliana measúnachta, nó
- téann comhpháirtí isteach i gconradh chun seirbhísí leighis ábhartha a sholáthar le FSS le linn na bliana measúnachta.

¹Beidh feidhm ag roghnú comhpháirtíochta ó dháta an comhpháirtíochta agus leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige go ceann blianta measúnachta níos déanaí mura dtarraingíonn na páirtithe siar é.

Dearbhú

Déanaimidne, a bhfuil ár n-ainm leis seo thíos, roghnú comhpháirtíochta, mar a fhoráiltear le halt 1008A(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, chun déileáil leis an oiread sin d'ioncam ábhartha an tsoláthraí seirbhísí leighis ábhartha thuasluaite agus a bhaineann le seirbhísí leighis ábhartha a fhéadfaidh aon liachleachtóir atá ina chomhpháirtí sa chomhpháirtíocht leighis thuasluaite nó ina fhostaí di a sholáthar, mar ioncam de chuid na comhpháirtíochta leighis sin chun críocha cánach ioncaim ó dháta an roghnú agus blianta measúnachta níos déanaí (mura dtarraingeoidh na páirtithe siar é).

Geallann an soláthraí seirbhísí leighis ábhartha uimhir chánach na comhpháirtíochta leighis a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun oibriú ceart cánach iarchoimeáda ar sheirbhísí gairmiúla a éascú.

Dearbhaím, a bhfuil ár n-ainm leis seo thíos, go gcomhlíonann an Chomhpháirtíocht Leighis na coinníollacha atá leagtha amach in alt 1008A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, agus tá na sonraí go léir a iontráladh ar an bhfoirm seo cruinn agus iomlán.

Síniú an Chomhpháirtí Tosaíochta thar ceann na Comhpháirtíochta Leighis

Dáta: _____

Síniú an tSoláthraí Seirbhísí Leighis Ábhartha

Dáta: _____

[Le seoladh trí M'Fhiosruithe faoi uimhir thagartha cánach na Comhpháirtíochta Leighis (Nóta 9)

TABHAIR DO D'AIRE

1. Féadfaidh comhpháirtíocht leighis agus soláthraí seirbhísí leighis ábhartha atá ina chomhpháirtí sa chomhpháirtíocht leighis roghnú comhpháirtíocht a dhéanamh ar an 1 Eanáir 2024 nó dá éis. Ní fhéadfar rogha den sórt sin a dhéanamh ach amháin maidir le cibé comhréir d'ioncam iomchuí an tsoláthraí seirbhísí leighis ábhartha a bhaineann le seirbhísí leighis ábhartha a fhéadfaidh aon lia-chleachtóir atá ina chomhpháirtí sa chomhpháirtíocht leighis nó ina fhostaí di sa pháirtnéireacht leighis a sholáthar.
2. Ciallaíonn an téarma "comhpháirtíocht leighis" comhpháirtíocht inar daoine aonair iad na comhpháirtithe go léir agus inar lia-chleachtóirí iad, agus ina rialaítear an chomhpháirtíocht le comhaontú comhpháirtíochta i scríbhinn.
3. Ciallaíonn an téarma "soláthraí seirbhísí leighis ábhartha" lia-chleachtóir lena bhfuil conradh déanta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun seirbhísí leighis ábhartha a sholáthar. Tá leis an téarma 'liachleachtóir' an bhrí chéanna atá leis in Acht na Liachleachtóirí 2007.
4. Ciallaíonn an téarma "seirbhísí liachta ábhartha" na seirbhísí a sholáthraíonn lia-chleachtóir de bhun
 - (a) rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 29 den Acht Sláinte, 1947,
 - (b) alt 58 den Acht Sláinte, 1970,
 - (c) ailt 62 agus 63 den Acht Sláinte, 1970,
 - (d) alt 62A den Acht Sláinte, 1970,
 - (e) alt 67E den Acht Sláinte, 1970,
 - (f) alt 70 den Acht Sláinte, 1970,
 - (g) orduithe arna ndéanamh faoi alt 75A den Acht Sláinte 1970,
 - (h) rialacháin arna ndéanamh faoi alt 75B den Acht Sláinte 1970,
 - (i) an tAcht Sláinte (Leasú) 1996,
 - (j) an tAcht Meabhairshláinte 2001,
 - (k) an tAcht um Shásamh do Mhná i Institiúidí Áirithe, 2015,
 - (l) na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí 1977 go 2017,
 - (m) an tAcht fán Scéim Íocaíochta Institiúidí Máithreacha agus Naíonán, 2023,
 - (n) Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta,
 - (o) an Comhaontú Trádála agus Comhoibrithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, arna dhéanamh sa Bhruiséil agus i Londain an 30 Nollaig 2020, agus
 - (p) cibé forálacha eile d'aon achtachán eile a fhorordóidh an tAire Airgeadais le hordú.
5. Ciallaíonn an téarma "ioncam iomchuí" na suimeanna go léir a íocann an FSS le soláthraí seirbhísí leighis ábhartha nó a théann chun sochair an tsoláthraí seirbhísí leighis ábhartha i leith seirbhísí leighis ábhartha.
6. Ní mór roghnú comhpháirtíochta a dhéanamh roimh an dáta a thugann an soláthraí seirbhísí leighis ábhartha uimhir chánach na comhpháirtíochta leighis do FSS chun oibriú ceart cánach iarchoimeáda ar sheirbhísí gairmiúla a éascú (CISG). Ní fhéadtar déileáil le híocaíocht ó FSS le soláthraí seirbhísí leighis ábhartha mar íocaíocht ábhartha chuig comhpháirtíocht leighis chun críocha CISG ach amháin nuair atá roghnú comhpháirtíochta i bhfeidhm.
7. Sa chás go bhfuil roghnú comhpháirtíochta bailí le déanamh faoi alt 1008A(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ní mór an fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine.
8. Ní mór rogha ar leith a dhéanamh maidir le hioncam ábhartha gach soláthraí seirbhíse leighis ábhartha, ar a gcaithfear leis mar ioncam na comhpháirtíochta leighis chun críocha cánach ioncain.

9. Cuirfear an fhoirm isteach go leictreonach chuig na Coimisinéirí Ioncaim tríd an bhfoirm sínithe agus chomhlánaithe a uaslódáil tríd an uimhir thagartha cánach comhpháirtíochta leighis. Ba chóir na catagóirí seo a leanas a roghnú trí M'Fhiosruithe – Catagóir: TF

Fochatagóir: Comhpháirtíocht Leighis-Roghnú Comhpháirtíochta

Tá treoir na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le M'Fhiosruithe ag an nasc seo: **Lámhleabhar Cánach agus Dleachta - M'Fhiosruithe**

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Priobháideachas** ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcrúachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.